Eaglais na hÉireann

Deoise Chorcaí, Chluana agus Rosa

Ceiliúradh na Chomaoineach Naofa in Árd Eaglais Naomh Fhionn Barra 11ú Nollaig 2021

Tá fáilte romhat anseo!

Cuimhnímid inár seirbhís ar Naomh Columba a rugadh1500 bliain ó shoin an tseachtain seo.

Tar éis na seirbhíse bronnfar cóip de "An Bíobla Naofa" don Árd Eaglais ó Chumann Gaelach na hEaglaise.

Buíochas le Máire Ní Chéileachair a bheidh ag canadh agus Fraoch Nic Sheáin a bheidh ag léamh.

Buíochas leis an Déin, Nigel Dunne, agus leis an tUrramach Ted Ardis as ucht an cabhair a thugann siad dúinn an seirbhís seo a chur ar siúl agus ar an Idirlín.

We will commemorate St Columba, born 1500 years ago this week, in our service.

After the service, a copy of "An Bíobla Naofa" will be presented to the Cathedral by Cumann Gaelach na hEaglaise.

With thanks to Máire Ní Chéileachair who will sing and Fraoch Nic Sheáin who will read.

With thanks to Dean Nigel Dunne and Rev. Ted Ardis for their assistance in running this service and broadcasting it on the Internet.

Orthaí don Aidbhint agus N. Colm Cille

A Dhia uilechumhachtaigh, tabhair do ghrásta dúinn go gcaithimid dínn oibreacha an dorchadais, agus go gcuirimid orainn cathéide an tsolais, le linn na beatha saolta seo anois, an t-am inar tháinig do Mhac Íosa Críost go fíorumhal ar cuairt chugainn; ionas an lá deireanach, nuair a thiocfaidh sé arís go soilseach sármhaorga chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar marbh go néirímid chun síorbheatha; trídsean a mhaireann i ríocht mar aon leatsa agus leis an Spiorad Naomh, anois agus go deo. **Áiméan**.

A Dhia, ghlaoigh tú ar do sheirbhíseach Colm Cille, as flatha na tíre seo, le bheith mar theachtaire agus mar shoiscéalaí do ríochta: deonaigh dúinn go gcuimhní d'Eaglais ar a chreideamh agus ar a chrógacht, agus go bhfógraítear an soiscéal ar shlí go n-aithní na daoine uile do Mhac mar Shlánaitheoir agus go bhfóna siad dó mar Rí,
an té a mhaireann agus a rialaíonn mar aon leatsa agus leis an Spiorad Naomh, aon Dia, anois agus go deo. **Áiméan**.

Leabhair na Ríthe a dó, caibidil 2 v. 9-12

Nuair a bhíodar ar an taobh thall, dúirt Éilias le hEilíseá: "Iarr cibé atá uait a dhéanfainn duit, sula mbaintear uait mé." D'fhreagair Eilíseá: "Bíodh do spiorad faoi dhó mar oidhreacht agam, le do thoil." [10]"Is deacair d'iarratas a thabhairt duit," arsa Éilias. "Má fheiceann tú mé agus mé do mo thabhairt ar shiúl uait, beidh sé agat mar a d'iarr tú; mura bhfeiceann, ní bheidh sé amhlaidh." [11]Le linn dóibh bheith ag siúl leo agus iad ag caint ar an mbealach, nocht carbad tintrí agus capaill tintrí, ag teacht eatarthu, agus chuaigh Éilias suas ar neamh sa ghaoth ghuairneáin. Chonaic Eilíseá sin agus scairt sé: "A athair, a athair liom! Carbad Iosrael agus a eachra!" Chaill sé radharc air ansin, agus rug sé ar a chuid éadaigh agus stróic sé ina dhá leath iad.

Sin é Briathar Dé: **Buíochas le Dia.**

Collects of Advent and St Columba
Collects of Advent and St Columba

Almighty God, Give us grace to cast away the works of darkness and to put on the armour of light now in the time of this mortal life in which your Son Jesus Christ came to us in great humility;
that on the last day when he shall come again in his glorious majesty to judge the living and the dead, we may rise to the life immortal; through him who is alive and reigns with you and the Holy Spirit,
one God, now and for ever. **Amen**.

O God, you called your servant Columba from among the princes of this land to be a herald and evangelist of your kingdom: Grant that your Church, remembering his faith and courage, may so proclaim the splendour of your grace that people everywhere will come to know your Son as their Saviour, and serve him as their King; who lives and reigns with you and the Holy Spirit, one God, now and for ever.
Amen.

2 Kings 2: 9-12

When they had crossed, Elijah said to Elisha, 'Tell me what I may do for you, before I am taken from you.' Elisha said, 'Please let me inherit a double share of your spirit.' [10]He responded, 'You have asked a hard thing; yet, if you see me as I am being taken from you, it will be granted you; if not, it will not.' [11]As they continued walking and talking, a chariot of fire and horses of fire separated the two of them, and Elijah ascended in a whirlwind into heaven. [12]Elisha kept watching and crying out, 'Father, father! The chariots of Israel and its horsemen!' But when he could no longer see him, he grasped his own clothes and tore them in two pieces.

This is the Word of the Lord
Thanks be to God

Salm 80: 1-4, 18-19

Éist linn, a aoire Iosrael,
a sheolann Iósaef mar thréad. ● i do shuí
ar na ceiribíní duit bí ag taitneamh ar
Eafráim agus Biniáimin agus Manaise.

2 **Corraigh do chumhacht, a Thiarna; ●**
a Thiarna, tar chugainn dár sábháil.

3 Cuir ar ais sinn, a Thiarna na slua; ●
taispeáin dúinn do ghnúis ghrianmhar,
dár saoradh.

4 **A Dhia na slua, cá fhad a bheidh tú ar**
buile, ●
ar a shon go bhfuil do phobal ag guí?

18 Feasta, ní thréigfimid go brách thú; ●
athbheoigh sinn agus glaofaimid ar
d'ainm.

19 **Cuir ar ais sinn, a Thiarna na slua; ●**
taispeáin dúinn do ghnúis
ghrianmhar dár saoradh.

Psalm 80: 1-4, 18-19

Psalm 80: 1-4, 18-19

1 Hear, O thou Shepherd of Israel,
thou that leadest Joseph like a
flock : thou that sittest upon the
cherubim before Ephraim,
Benjamin, and Manasses :

2 **Shew thyself also, stir up thy**
strength, and come, and help us.

3 Turn us again, O God : shew the
light of thy countenance, and we
shall be whole.

4 **O Lord God of hosts : how long**
wilt thou be angry with thy
people that prayeth?

18 And so will not we go back from
thee : O let us live, and we shall
call upon thy Name.

19 **Turn us again, O Lord God of**
hosts: shew the light of thy
countenance, and we shall be
whole.

Éistigí le Soiscéal ár Slánaitheoir Críost,
de réir Matha i gcaibidil 17,
ag tosnú ag véarsa a 10
Glóir duit, a Thiarna Íosa Críost

Ach chuir a dheisceabail ceist air: “Cad é seo
a deir na scríobhaithe, más ea, go gcaithfidh
Éilias teacht ar dtús?”
11Ba é freagra a thug Íosa: “Sea, tá Éilias le
teacht agus an uile ní a chur ina cheart
arís. 12Ach deirim libh: tá Éilias tagtha cheana
agus níor aithin siad é, ach a dtoil féin a imirt
air. Agus ní taise do Mhac an Duine é, a
mbeidh le fulaingt aige sin uathu freisin.”
13Thuig na deisceabail ansin gur chun Eoin
Baiste a bhí sé ina chomhrá leo.

Seo é Soiscéal an Tiarna.
Moladh duit, a Thiarna Íosa Críost.

AN SCAIPEADH

Go lonraí Críost,
grian gheal na fíréantachta oraibh,
ag cur lúcháire ar bhur gcroí,
agus ag díbirt an dorchadais romhaibh:

agus go raibh beannacht Dé
uilechumhachtaigh,
an tAthair, an Mac, agus an Spiorad
Naomh, oraibh is in bhur measc i gcónaí.
Áiméan.
Imigí faoi shíocháin chun grá agus seirbhís
a thabhairt don Tiarna
In ainm Chríost. Áiméan.

Nollaig shona dhíbh go léir!
Beimíd ar ais anseo ar an
9ú Eanáir 2022, le cúnamh Dé.

Hear the Gospel of our Saviour Christ…
Hear the Gospel of our Saviour Christ…

Matthew 17: 10-13

Glory to you, Lord Jesus Christ.

The disciples asked him, ‘Why, then, do
the scribes say that Elijah must come
first?’
11He replied, ‘Elijah is indeed coming and
will restore all things; 12but I tell you that
Elijah has already come, and they did not
recognize him, but they did to him
whatever they pleased. So also the Son of
Man is about to suffer at their hands.’
13Then the disciples understood that he
was speaking to them about John the
Baptist.

This is the Gospel of the Lord.
Praise to you, Lord Jesus Christ.

Dismissal

Christ the sun of righteousness shine upon
you,
gladden your hearts
and scatter the darkness from before you:
and the blessing of God almighty,
the Father, the Son and the Holy Spirit,
be among you and remain with you
always. **Amen.**

Go in peace to love and serve the Lord
In the name of Christ. Amen

Happy Christmas!
Next service in Irish here on

9th January 2022, D.V.